ÉIRE

An Plean Forbartha Náisiúnta 2000-2006

ACHOIMRE FHEIDHMITHEACH

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
4 - 5 BÓTHAR FHEARCHAIR, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
(Teil: 01 - 6476834/35/36/37; Fax: 01 - 4752760)
nó trí aon díoltóir leabhar.

———

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased directly from the
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALE OFFICE,
SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2,
or by mail order from
GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION,
4 - 5 HARCOURT ROAD, DUBLIN 2,
(Tel: 01 - 6476834/35/36/37; Fax: 01 - 4752760)
or through any bookseller.

———

(Pn. 9280) £3.00 €3.81

Achoimre Fheidhmitheach — Clár Ábhair

Réamhfhocal 5

Intreoir 7

Na Cionrannta Réigiúnacha 7

An Straitéis Ghinearálta 7

Sainchuspóirí agus Sainstraitéisí 8

An Cúlra Laistiar den Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN) 2000-2006 8

An Fhrámaíocht Eacnamaíoch agus Bhuiséadach 9

Solúbthacht maidir le Feidhmiú an Phlean 9

Forbairt Chothrom Réigiúnach 9

Cuimsiú Sóisialta 11

Forbairt Tuaithe 12

Struchtúr an PFN 2000-2006 12

- An Fostruchtúr Eacnamaíoch agus Sóisialta 12
- Fostaíocht agus Acmhainní Daonna 17
- An Earnáil Tháirgiúil 19
- Cláir Fheidhme Réigiúnacha 20
- Clár Feidhme PEACE/Comhar le Tuaisceart Éireann 22

Tionscnaimh Chomhphobail 23

Comhpháirtíocht Phoiblí/Phríobháideach 23

Nithe Ginearálta 23

Réamhfhocal leis an Aire Airgeadais, Cathal Mac Riabhaigh Uasal T.D.

Cuireadh an Plean Forbartha Náisiúnta (2000-2006) i dtoll a chéile tar éis dul i gcomhairle, ar an bhonn ba leitheadaí ab fhéidir, leis na Comhpháirtithe Sóisialta, leis na sainghrúpaí leasa réigiúnacha, agus eile. Léiríonn sé comhaontú leathan maidir le riachtanais fhorbartha na tíre amach anseo.

Leagfaidh an Plean dúshraith síos le haghaidh fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta na hÉireann sa mhílaois amach romhainn. Cuireann sé os ár gcomhair straitéis fhorbartha atá aidhmeannach agus comhtháite; agus a bhfuil mar thacú leis gealltanas infheistíochta ilbhliantúil, atá cainníochtaithe go hiomlán, sna réimsí barrthábhachtacha sin, forbairt fhostruchtúrach, oideachas agus oiliúint, an earnáil táirgiúil, agus cur chun cinn an chuimsithe shóisialta. Tá gealltanas sa Phlean freisin, agus frámaíocht ag gabháil leis, le haghaidh forbartha réigiúnaí níos cothroime.

Is í an aisling a chuireann an Plean Fhorbartha Náisiúnta roimhe ná a chinntiú go mairfidh Éire ina tír iomaíoch i margaí idirnáisiúnta an domhain, agus go roinnfear torthaí ár ndul chun cinn eacnamaígh ar bhonn níos cothroime ar an leibhéal réigiúnach agus idir an phobal ar fad. Agus an Plean á chur i bhfeidhm, féachfaidh an Rialtas leis an aisling seo a fhíorú.

Achoimre Fheidhmitheach

Intreoir

Sa Phlean Forbartha Náisiúnta (2000-2006) tá infheistíocht de £40,588 billiún[1] i gceist, ar phraghsanna 1999, as cistí Poiblí agus Príobháideacha, agus as cistí an Aontais Eorpaigh (AE). An chomhchuid phoilbí den mhaoiniú seo (agus foinsí AE agus Comhphaírtíochta Poiblí/Príobháidí san áireamh), cuirfear lena cois infheistíocht phríobháideach mheasta de £6.4 bhilliún. Miondealaítear an £40.588 billiún mar seo a leanas, agus figiúr bunaidh na bliana 1999 á thaispeáint le haghaidh comparáide.

Ceannteideal[2]	2000-2006 £ billiún	Meán Bliantúil £ billiún	1999 Figiúr bunaidh £ billiún	Méadú %
Fostruchtúr Eacnamaíoch agus Sóisialta	20.948	2.992	1.931	54.9
Fostaíocht agus Acmhainní Daonna	10.952	1.565	1.560	0.3
Earnáil Táirgiúil	8.588	1.227	1.054	16.4
Clár PEACE	100	20*	20	—
Iomlán	**40.588**	**5.798**	**4.565**	**27.1**

***Ní bhaineann PEACE ach le 2000-2004.**

Na Cionrannta Réigiúnacha

Miondealaítear an infheistíocht bhliantúil sa Phlean de réir na caoi ina ndéantar dhá Réigiún d'Éirinn — Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir (Réigiún an D&O) agus Réigiún na Teorann, Láir Thíre agus an Iarthair (Réigiún na TLT&I) — chun críche an Chiste Struchtúraigh. Is mar seo a leanas a mhiondealaítear, ar bhonn réigiúnach, caiteachas an Phlean ina iomláine:

	£ billiún	Per Capita £
Réigiún an D&O	27.026	10,157
Réigiún na TLTI	13.562	14,051
Iomlán	**40.588**	**11,193**

An Straitéis Ghinearálta

Cumadh an Plean Forbartha Náisiúnta nua seo chun bonn a chur faoi fhorbairt geilleagair iomaígh fhuinniúil i rith na tréimhse 2000-2006. Tá de chuspóir aige tógáil ar an dul chun cinn eacnamaíoch

[1] Is i ÉIR£ atá na figiúirí go léir san Achoimre Fheidhmitheach seo; tugtar na figiúirí sna Caibidlí éagsúla den Phlean in EURO go príomha chun coinníollacha an AE a shásamh.

[2] Cruinnítear an Caiteachas faoi na Cláir Fheidhme faoi gach Ceannteideal de réir mar is cuí.

gan mhacasamhail a tharla le blianta beaga, agus an dúshraith a neartú i gcomhair tuilleadh dul chun cinn inchothaithe sna blianta amach romhainn. Murab ionann is an dá phlean a chuaigh roimhe, ní Plean é seo a ceapadh go príomha chun tarraingt as Cistí Struchtúracha agus Comhtháite an AE. Cé go leanfaidh na Cistí seo ag comhlíonadh róil luachmhair (ach ról a bheidh ag laghdú) mar fhoinse mhaoinithe, bunaíodh an Plean seo i dtosach báire ar mheasúnú a dhéanamh ar riachtanais fhorbartha na tíre.

Is é an dúshlán lárnach a dtugtar aghaidh air sa Phlean Forbartha Náisiúnta seo ná cur i gcrích beartais phoiblí a mhéadóidh cumas gheilleagar na hÉireann chun táirgeacht thréan bhuan a chothú, agus méadú san fhostaíocht chomh maith. Ní foláir don Phlean an geilleagar a chur in oiriúint le haghaidh na ndúshlán san iomaíocht a thiocfaidh de bharr nuathoscaí mearathraitheacha eacnamaíocha sa bhaile agus thar lear. Agus an méid seo á dhéanamh aige, cuideoidh an Plean lena chinntiú go ndaingneofar dul chun cinn na mblianta deireanacha seo agus go dtógfar tuilleadh air ar bhonn inchothaithe.

Baineann dúshláin bharrtháibhachtacha leis seo: torthaí an dul chun cinn eacnamaígh a dháileadh ar bhonn níos fearr ar fud na réigiún agus i measc an phobail; agus cothromaíocht chuí a bhaint amach idir an timpeallacht agus cúrsaí forbartha. Comhlánfar straitéis an Phlean trí bheartais oiriúnacha i réimsí beartas poiblí atá lasmuigh den Phlean.

Sainchuspóirí agus Sainstraitéisí

Beidh na cuspóirí náisiúnta seo a leanas mar bhonn ag an bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN) 2000-2006:

- fás leanúnach inchothaithe sa gheilleagar náisiúnta agus san fhostaíocht;
- cumas na hÉireann a dhaingniú agus a fheabhsú chun iomaíochta idirnáisiúnta;
- Forbairt chothrom Réigiúnach a chur chun cinn;
- Cuimsiú Sóisialta a chur ar aghaidh.

Is iad na comhchodanna atá riachtanach chun na cuspóirí seo a bhaint amach ná:

- leanúint de bheartais mhaicreacnamaíocha na mblianta deireanacha seo a dhíríonn ar an gcobhsaíocht;
- mórchlár infheistíochta san Fhostruchtúr Eacnamaíoch agus Sóisialta;
- gealltanas chun infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a dháileadh go réigiúnach ar bhonn níos fearr;
- beartais oideachais agus oiliúna le haghaidh fostaíochta a chur chun cinn a mbeidh béim acu ar riachtanais mhargadh na fostaíochta, agus a thabharfaidh aird faoi leith orthu siúd is mó atá i mbaol na dífhostaíochta;
- díriú ar bhealaí éagsúla chun an Cuimsiú Sóisialta a chur chun cinn, ar a mbeidh sainghníomhaíochtaí a dhíreoidh ar cheantair agus ar dhreamanna atá faoi scáil na bochtaineachta nó an leithcheala shóisialta.

An Cúlra Laistiar den PFN 2000-2006

De bharr an chlaochlaithe eacnamaígh a tharla le blianta beaga anuas, is mór an difríocht timpeallachta a bhaineann le réiteach an Phlean seo i gcomparáid leis an gcaoi a raibh an scéal i

1994. D'ainneoin na hinfheistíochta san Fhostruchtúr faoin bPlean reatha, is léir go bhfuil easnamh fostruchtúrach suntasach ar Éirinn ar baol é dár gcumas eacnamaíoch agus fostaíochta. Maidir lenár gcaipiteal daonna, an moilliú a d'fhéadfadh tarlú i méadú líon an lucht saothair, agus ganntanais scileanna i réimsí bunúsacha, tá siad á nochtú mar bhacainní ar thuilleadh fáis eacnamaígh agus fostaíochta.

An brú atá ar fhostruchtúr fisiciúil na tíre agus ar a hacmhainní daonnna, is mó é de bhíthin a dhóthain den chothromaíocht réigiúnach a bheith in easnamh ar ár bhforbairt eacnamaíoch. An fostruchtúr i gceantair mhóra uirbeacha, agus i limistéar Bhaile Átha Cliath ach go háirithe, tá sé faoi bhrú ag an mborradh gníomhaíochta i gcúrsaí tráchtála agus gnó, agus ag an méadu sa daonra sna ceantair seo chun freastal ar an ngníomhaíocht seo. I gcodarsnacht leis seo tá ceantair thuaithe agus ceantair bheaga uirbeacha chun deiridh. Tríd síos, tá méadú sna leibhéil eisréimnithe atá idir gníomhaíocht eacnamaíoch i Réigiún an D&O agus i Réigiún na TLTI.

Níor éirigh ach oiread le hearnálacha uile na sochaí tairbhe a bhaint as an gclaochlú eacnamaíoch.. Tá leibhéil bhochtaineachta agus den leithcheal sóisialta ann fós, nach feídir glacadh leo, i gceantair uirbeacha agus thuaithe araon.

An Fhrámaíocht Eacnamaíoch agus Bhuiséadach

Réamhchoinníoll le haghaidh na mórinfheistíochta atá beartaithe i bPlean 2000-2006 is ea buaine beartas maicreacnamaíoch cobhsaí agus buiséadach. Seasann an Rialtas go daingean i dtaobh an bheartais bhunúsaigh seo. De thoradh na mbeartas seo tá leibhéal d'acmhainní ann a mhaoineoidh infheistíocht de réir an Phlean, d'ainneoin an laghdú a bheidh sna fáltais ó Chistí Struchtúracha agus Comhtháite an AE i rith an ama sin. Dá bhrí sin, na cionrannta bliantúla agus, sa deireadh, an gealltanas iomlán sa PFN, caithfear iad uile a choinneáil ar leibhéal atá dílis do na huasmhéideanna ar chaiteachas poiblí a leagann an Rialtas amach; agus a chuireann san áireamh tosaíochtaí buiséadacha níos leithne; agus a réitíonn le riachtanais na cobhsaíochta eacnamaíche.

I gcomhthéacs an ghá cun soláthar stuama a dhéanamh le haghaidh costas amach anseo, cuimsíonn straitéis bhuiséadach an Rialtais sa mheántéarma soláthar le haghaidh réamh-mhaoiniú cuid de na costais dóchúla breise a éireoidh de bharr dul in aois ionchasach an phobail go ginearálta. Soláthar a dhéanamh in aghaidh teagmhas dá leithéid san am romhainn, tá sé chomh tábhachtach, mar chuid den phleanáil, le comhchodanna eile den PFN.

Solúbthacht maidir le Feidhmiú an Phlean

Léiríonn na tosaíochtaí agus na cionrannta ilbhliantúla atá sa Phlean an measúnú atá déanta ar chúrsaí faoi láthair. Le linn tréimhse Phlean seacht mbliana tig le tosaíochtaí athrú de réir mar a athraíonn toscaí eacnamaíocha agus sóisialta. Déanfar monatóireacht ar an bPlean, agus beidh solúbthacht ann chun acmhainní a chur i dtreonna eile más gá.

Forbairt Chothrom Réigiúnach

Is bunchuspóir é sa Phlean an Fhorbairt Réigiúnach a dhéanamh ar bhonn níos cothroime. Ní hamhlaidh go mbaineann an gealltanas seo ach amháin le beartais fhorbartha le haghaidh réigiún an Stáit atá chun deiridh. Lena chois sin, cuimsíonn an gealltanas beartais chun an brú ar an bhfostruchtúr uirbeach a mhaolú; agus beartais chun aghaidh a thabhairt ar an bhochtaineacht uirbeach agus thuaithe; agus san fhadtéarma, an Phleanáil Fhisiciúil agus Eacnamaíoch a chomhtháthú ar bhealach níos fearr, trí úsáid níos éifeachtaí talaimh ach go háirithe.

Bainfear amach sa Phlean an cuspóir um Fhorbairt Réigiúnach ar bhonn níos cothroime sa dóigh seo a leanas:

- Infheistíocht struchtúrach sna Cláir Fheidhme, agus go háirithe infheistíocht i leith Bóithre, Iompair Phoiblí agus Seirbhísí Timpeallachta;
- Le linn tréimhse an Phlean, líon beag breise nód forbartha réigiúnach (ionaid fáis uirbeacha) a chur chun cinn chun comhlánú ar na nóid fhorbartha atá ann cheana agus chun forbairt a chur ar aghaidh sa dá Réigiún. — Cuirfear Straitéis Náisiúnta Spáis i dtoll a chéile laistigh de dhá bhliain, agus mar chuid de ainmneofar líon beag breise nód forbartha réigiúnach (ionaid fáis uirbeacha), lena gcur chun cinn le linn tréimhse an Phlean;
- Gealltanas chun na leasanna fáis a spré amach ar cheantair bheaga uirbeacha agus thuaithe eile sna Réigiúin;
- Den chéad uair i bPlean Forbartha Náisiúnta, tá dhá Chlár Fheidhme ann, agus iad dírithe ach go háirithe ar an bhfostruchtúr áitiúil, ar an earnáil táirgiúil áitiúil, agus ar an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn; déanfaidh an dá Thionól Réigiúnacha a bunaíodh le déanaí an dá Chlár Fheidhme Réigiúnacha a stiúrú;
- I gcomhréir leis na Treoirlínte nua um Chúnamh Réigiúnach, déanfar idirdhealú dearfach i bhfabhar réigiún atá chun deiridh maidir le tacaíocht a fháil le haghaidh fiontar nua agus le haghaidh na hEarnála Táirgiúla i gcoitinne.

Tá an straitéis ghinearálta don Fhorbairt Chothrom Réigiúnach le fáil i gCaibidil 3.

Ta roinnt saindúshlán bunúsach roimh Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir, agus roimh Réigiún na Teorann, Láir Thíre agus an Iarthair. Díreofar ar na dúshláin seo sa Phlean. Is féidir iad a choimriú mar seo a leanas:

Réigiún an D&O

- Daingniú agus tógáil ar a bhfuil bainte amach go heacnamaíocht le tamall anuas sa Réigiún, go háirithe maidir le fostaíocht agus leis na laghduithe sa dífhostaíocht fhadtéarmach, agus sa tslí sin eochair-ról an Régiúin a chothú i gcúrsaí iomaíochta eacnamaíche náisiúnta;
- Aghaidh a thabhairt ar an bplódú uirbeach agus ar na bacainní i gcoitinne atá ar an bhforás i mBaile Átha Cliath agus in ionaid uirbeacha eile, go háirithe maidir leis an bhfostruchtúr eacnamaíoch agus sóisialta agus le hacmhainní daonna;
- Breis forbartha a dhéanamh ar dheiseanna cothromaíochta, i dtaca le BaileÁtha Cliath de, ionas go laghdófar an brú ar an bpríomhchathair agus a cúlchríocha, agus go leathnófar an forás ar bhonn níos leitheadaí ar fud an Réigiúin;
- Cuidiú le breis forbartha sa talmhaíocht, i gcúrsaí gnó talmhaíochta, agus in earnáil an mhuirbhia;
- Cuimsiú sóisialta a chur chun cinn i gceantair uirbeacha agus thuaithe atá ar an ngannchuid;
- eacnamaíocht tuaithe inmharthana a bhuanú.

Réigiún na TLTI

- Cumas an Réigiúin a neartú chun gníomhú mar ghléas cothromaíochta i dtaca le Reigiún an D&O, agus i dtaca le Baile Átha Cliath ach go háirithe, agus chun forás níos cothroime a bhaint amach laistigh den Réigiún;
- Méadú a dhéanamh ar na bunchúinsí forbartha atá le fáil sa Réigiún chun forás eacnamaíoch inchothaithe a spreagadh, san earnáil tháirgiúil go sonrach;
- Caighdeán fhostruchtúr eacnamaíoch agus sóisialta an Réigiúin a fheabhsú, agus na hacmhainní daonna leis;
- Tógáil ar bhonn acmhainní nádúrtha an Réigiúin, go háirithe i réimsí na talmhaíochta, na turasóireachta, an mhuirbhia agus na fiontraíochta tuaithe; agus
- Cuimsiú sóisialta uirbeach agus tuaithe a chur chun cinn.

Tugann na cionrannta táscacha sa tábla thíos le fios an sórt infheistíocht a phleanáiltear sa dá Réigíun:

Miondealú treorach ar an gcaiteachas pleanáilte faoin bPFN i leith gach Réigiúin

Clár	Réigiún an D&O (£ milliún)	Réigiún na TLTI (£ milliún)	Iomlán (£ milliún)
Fostruchtúr Eacnamaíoch agus Sóisialta	12,918	4,692	17,610
Fostaíocht agus Acmhainní Daonna	7,054	2,834	9,893
Infheistíocht Tháirgiúil	2,856	1,653	4,509
Clár Réigiúnach D&O	2,986	–	2,986
Clár Réigiúnach TLTI	–	2,084	2,084
Bearta Tionlacain	1,456	1,949	3,405
PEACE	–	100	100
Na cláir go léir	**27,274**	**13,313**	**40,588**

Cuimsiú Sóisialta

Maidir leis an bpróiseas fostaíochta a rianaítear sa Phlean Gníomhaíochta Fostaíochta Náisiúnta agus a forbraíodh laistigh de fhrámaíocht Straitéis Comhordaithe Fostaíochta an AE, tá an Plean i gcomhréir leis sin, agus lena chois beidh baint aige le cur chuige suntasach comhordaithe le cuimsiú sóisialta a spreagadh. Mar bhun-chomhchuid den straitéis iomlán beidh leanúnachas san fhorás eacnamaíoch inchothaithe chun an líon jabanna a mhéadú. Beidh infheistíocht shubstaintiúil freisin san oideachas agus san oiliúint, i gcúram leanaí agus i bhfostruchtúr an áineasa, agus infheistíocht i ndaoine trí fhoghlaim fhadsaolach agus fhorbairt scileanna, agus trí forbairt phobail agus trí sheirbhísí teaghlaigh. Is é an cuspóir leis seo ná go n-osclófar deiseanna fostaíochta do gach earnáil sa tsochaí, ós é seo an bealach is fearr chun cur in éadan na bochtaineachta agus an leithcheala shóisialta. Mar sin féin, aithníonn an Plean chomh maith nach leor ann féin go gcinnteofar go mbeadh an timpeallacht ghinearálta i gceart le haghaidh cruthú jabanna, má táthar chun an bhochtaineacht a mhaolú i gceantair agus i measc dreamanna ar fud an phobail. Déantar soláthar mar sin le haghaidh spriocbhearta, sna Cláir fheidhme Réigiúnacha, chun déileáil leis na fadhbanna seo. Cuirtear tuairim is £15 billiún san iomlán ar fáil sa Phlean go díreach chun an Cuimsiú Sóisialta a chur chun cinn. I gCaibidil 10 den Phlean tugtar léargas leathan ar bhearta an PFN chun an Cuimsiú Sóisialta a chothú.

Forbairt Tuaithe

Tugann an PFN éifeacht don bheartas a leagadh amach sa Pháipéar Bán ar Fhorbairt Tuaithe a foilsíodh le deireanas. Caithfear tuairim is £6.7 billiún san iomlán ar bhearta a thacóidh le Forbairt Tuaithe. Tá léargas leathan i gCaibidil 11 den Phlean ar sholáthar an PFN le haghaidh Forbartha Tuaithe.

Struchtúr an Phlean Fhorbartha Náisiúnta 2000-2006

Cuimsíonn an Plean Forbartha Náisiúnta trí cinn de Chláir Fheidhme Náisiúnta nó Idir-Réigiúnacha, dhá cheann de Chláir Fheidhme Réigiúnacha, agus aon Chlár Feidhme faoi leith i gcóir Clár PEACE, a fheidhmíonn sna contaetha teorann agus i dTuaisceart Éireann. Le chois na gclár a chómhaoinítear as na Cistí Struchtúracha, beidh clár náisiúnta faoi leith le haghaidh na mbeartas tionlacain a ghabhann leis an bhforbairt tuaithe a chómhaoinítear faoin gChomhbheartas Talmhaíochta (CAP). Is iad seo a leanas na Cláir Fheidhme Idir-Régiúnacha:

- **An Fostruchtúr Eacnamaíoch agus Sóisialta (Caibidil 4)**
- **An Fhostaíocht agus Acmhainní Daonna (Caibidil 5)**
- **An Earnáil Táirgiúil (Caibidil 6)**

An Fostruchtúr Eacnamaíoch agus Sóisialta

Is é an infheistíocht iomlán (2000-2006) faoin gClár Feidhme um Fhostruchtúr Eacnamaíoch agus Sóisialta ná £17.6 billiún. Miondealófar an infheistíocht seo idir an dá réigiún mar seo a leanas:

	£ billiún	Per Capita
Réigiún an D&O	12.9	4,855
Réigiún na TLTI	4.7	4,861
An Stát	17.6	4,856

Déanfar an Clár um Fhostruchtúr Eacnamaíoch agus Sóisialta a mhiondealú de réir earnála mar seo a leanas:

Catagóir	Ciondáil iomlán le haghaidh na tréimhse 2000-2006 (£ milliún)
Bóithre Náisiúnta	4,700
Iompar Poiblí	2,234
Uisce agus Diomailt Uisce	2,495
Cosaint an Chósta	35
Fuinneamh	146
Tithíocht Shóisialta (*inghustail*)	6,000
Caipiteal Sláinte	2,000
Iomlán	17,610

Infheistíocht Bhóthair

Príomh-Bhóithre Náisiúnta: Cuimseoidh an straitéis fhorbartha le haghaidh bóithre príomha náisiúnta:

- forbairt na mbealaí seo leanas ina n-iomláine, faoi 2006, ionas go mbeidh siad de chaighdeán carrbhealaigh dhúbalta agus iad ina mótarbhealaí nó feabhsaithe
    - Baile Átha Cliath go dtí an Teorainn (M1);
    - Gaillimh go dtí Baile Átha Cliath (N4/N6);
    - Corcaigh go Baile Átha Cliath (N8);
    - Luimneach go Baile Átha Cliath (N7);
    - Port Láirge go Baile Átha Cliath (N9) (an cineál bóthair agus an bealach le meas tuilleadh).

Déanfar mórfheabhsúcháin bhreise ar bhealaí príomha náisiúnta eile[3], agus ina measc

- bealaí chun an Iar-Thuaisceart: N2 (Baile Átha Cliath/Muineachán/An Ómaigh/Doire/Leitir Ceanainn), N3 (Baile Átha Cliath/Béal Tairbirt/Inis Ceithleann/ Doire), N4 (Cionn Átha Gad go dtí Sligeach), N13-N15 (Sligeach/Dún na nGall/Leifear/Leitir Ceanainn/Doire), N16 (Sligeach/An Blaic/Inis Ceithleann/Dún Geanainn/Latharna)
- Tráchtbhealach an Iarthair ó Shligeach trí Luimneach go dtí Ros Láir (N17, N18, N24 agus N25), N5 (Caisleán an Bharraigh/An Longfort), N26 (Béal an Átha/Béal Easa);
- bóithre eile sa Deisceart agus san Oirthear: N11 (Ros Láir/Baile Átha Cliath), N20 (Luimneach/Corcaigh), N21 (Trá Lí/Luimneach), N22 (Trá Lí/Cill Airne/Corcaigh), N28 (Corcaigh/Rinn an Scidígh), N30 (Inis Córthaidh/Ros Mhic Thriúin);
- críochnú an M50 agus an Tolláin Isteach go dtí Calafort Bhaile Átha Cliath.

Bóithre Náisiúnta Tánaisteacha: I measc na mBóithre Náisiúnta Tánaisteacha atá le feabhsú tá:

- Leitir Ceanainn/An Clochán Liath/Dún na nGall (N56), Béal Easa Dara/Béal an Átha/Cathair na Mart/An Clochán/Gaillimh (N59), Baile Átha Luain/Mainistir na Búille (N61), An Móta/An Sráidbhaile (N80), agus An Muileann gCearr/Biorra (N52), i Réigiún na TLTI;
- Biorra/An tAonach (N52), Trá Lí/LiosTuathail/Luimneach (N69), Trá Lí/An Daingean (N86), Trá Lí/ Cathair Saidhbhín/Neidín (N70), Cill Airne/Beanntraí/Droichead na Bandan/Corcaigh (N 71), An Sráidbhaile/Bun Clóidí (N80), Tamhlacht/Baile Coimín (N81), agus Inis/Inis Díomáin (N85), i Réigiún an D&O.

Iompar Poiblí

Maidir le cóir iompair phoiblí a sholáthar is iad seo a bun-chomhchodanna:

Mór cheantar Bhaile Átha Cliath

- Cur i gcrích an ghréasáin ar ráillí éadroma (LUAS)
- Mór-infheistíocht ghearrthéarmach in iarnróid fo-uirbeach, ar a mbeidh:

[3] Cuirtear bealaí nasctha laistigh de Thuaisceart Éireann in iúl nuair is cuí

- ar bhonn céimnithe, ceannach 46 charr DART bhreise agu 58 ráillcharr díosail;
- athdheasú an iarnróid ó Na Clocha Liatha go dtí An tInbhear Mór;
- nasc idir Stáisiúin Heuston agus Uí Chonghaile chun ligean do sheirbhís Shaighead Chill Dara gabháil ar aghaidh go dtí Stáisiún Uí Chonghaile;
- na ráillí idir Hazelhatch agus Na Solláin a mhéadú faoi cheathair chun na seirbhísí ciantaistil agus na seirbhísí uirbeacha a scaradh ó chéile;
- stáisiúin nua a thógáil ag Intel, Leamhchán Thuaidh agus Ashington;
- an córas comharthaíochta idir Binn Éadair agus Sráid Bharú a athchóiriú.

- maisiú agus leathnú substaintúil a dhéanamh ar na seirbhísí bus, ar a mbeidh:
  - leathnú an ghréasáin busanna, ar a mbeidh soláthar busraonta fithise agus áitiúla chun comhlánú a dhéanamh ar an ngréasán atá ann faoi láthair, atá gathach den chuid is mó;
  - 275 bhus bhreise a cheannach ar bhonn céimnithe chun an cumas chun paisinéirí a iompar a mhéadú, agus chun freastal ar riachtanais forbartha an ghréasáin;
  - clár leanúnach athnuachana busanna agus fearais;
  - cúig Shainraon Bus den Scoth (*'SRB-anna'*) a chur ar fáil; na Sainraonta den Scoth atá ann cheana a mhaisiú, agus bearta tosaíochta eile a thosú maidir leis na busanna;
  - comhtháthú iompair a chur chun cinn trí mheán áiseanna breise 'páirceála/marcaíochta', agus trí córas ticéad comhtháite um iompar poiblí a chur ar fáil;
  - bearta bainistíochta tráchta a chur i bhfeidhm (ar a mbeidh bearta chun freastal ar riachtanais daoine atá faoi éalang so-ghluaisteachta nó faoi mhíchumas eile), agus áiseanna breise rothaíochta.

Tá, lena chois, soláthar teagmhasach le haghaidh na gcostas a bhaineann le feidhmiú mholtaí an staidéir straitéisigh ráillbhealaigh agus le haghaidh na coda faoi thalamh de LUAS. Críochnófar an staidéar straitéiseach ráillbhealaigh faoi dheireadh 1999; tá réimse féidearthachtaí á hiniúchadh a bhaineann le forbairt an ghréasáin iarnróid fo-uirbigh amach anseo. Bainfear úsáid as deiseanna comhair phoiblí/phríobháidigh, de réir mar a oirfidh, maidir le tionscadail a chur i bhfeidhm a bhainfidh le hiompar ar ráillí éadroma agus le iompar ar iarnróid araon.

Comhlánfar an clár infheistíochta seo le straitéis bhainistíochta chun éilimh a shásamh. Forbróidh Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath é seo i rith 2000 agus cuirfear é i bhfeidhm ina dhiaidh sin.

Iompar Poiblí Réigiúnach

Déanfar mórinfheistíocht in Iompar Poiblí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Seo iad na príomh-chomhchodanna de sin:

- An Clár Sábháilteachta Iarnróid a chur i gcrích;
- Infheistíocht shuntasach chun na príomhlínte iarnróid a athnuachan;
- Forbairt Iompair Phoiblí i Mórcheantar Corcaí, i Luimneach, i nGaillimh agus i bPort Láirge;
- Feabhsúcháin maidir leis na busanna réigiúnacha;

- Feabhsúcháin ar fhostruchtúr agus ar shaoráidí iompair phoiblí, mar atá siad faoi láthair, ionas gur fusa úsáid a bhaint astu;
- Athnuachan agus athghléasadh cabhlaigh bhusanna Bhus Éireann;
- Bearta píolótacha le haghaidh iompair phoiblí thuaithe ar mhaithe le tionscnaimh áitiúla agus phobail a spreagadh le seirbhísí bus a sholáthar i gceantair thuaithe.

Bealaí Éascaithe le haghaidh Daoine Faoi Mhíchumas Siúlóide Chun na Seirbhísí a Úsáid

Tá an Rialtas i bhfách le feabhais a chur ar an scéal i dtreo is gur fusa a bheifear in ann úsáid a bhaint as iompar poiblí ag daoine a bhfuil míchumas siúlóide orthu nó faoi éalang eile. Stáisiúin nua bus agus iarnróid, feithiclí ráilléadroma, ráillcharranna nua fo-uirbeacha, beidh siad lán-inúsáidte. Cuirfear struchtúir nua i bheidhm chun na bearta seo a bhaint amach.

Soláthar an Fhostruchtúir

Tá an Rialtas i bhfách go hiomlán chun a dheimhniú go gcuirfear i bhfeidhm, laistigh de thréimhse an Phlean, na bearta atá leagtha amach maidir le fostruchtúrú eacnamaíoch. I lár 1999 bhunaigh an Rialtas Coiste Comh-aireachta um Fhorbairt Fostruchtúrach, agus Comhpháirtíocht Phoiblí/ Phríobháideach san áireamh. Tá An Taoiseach ina chathaoirleach ar an gCoiste, agus tá An Tánaiste, an tAire Airgeadais, an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, an tAire Fiontar Poiblí, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus an tArd-Aighne ina mbaill den Choiste. Agus tacaíocht aige ó fhoireann oifigeach Tras-Rannach, tá mar chuspóirí ag an gCoiste:

- monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ag ardleibhéal ar sholáthar tionscadal mórthábhachtach fostruchtúrach;
- bearta agus Treoracha Cleachtas ar Fheabhas a chur chun cinn, a thachóidh leis na cláir agus na tionscadail a chur i gcrích go luath;
- leasuithe institiúideacha, riaracháin, dlithiúla agus rialacháin, a bhaineann le hábhar, a chur chun cinn i dtreo go seachnófar moilleanna nach gá maidir le soláthar tionscadal fostruchtúracha;
- straitéis chumarsáide a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun aird an phobail a ghéarú maidir leis na buntáistí a bheidh le fáil má chuirtear an Clár Fostruchtúrach i gcrích go luath;
- tacú le forbairt agus le cur i gcrích Fhrámaíocht na Chomhpháirtíochta Poiblí/Príobháidí.

Ar dtús tá an Coiste Comh-aireachta ag díriú airde ar chúrsaí iompair, agus go háirithe ar an lárghréasán bóithre idir-uirbeacha, agus ar Phacáiste Iompair Bhaile Átha Cliath. An Plean Forbartha Náisiúnta, ciallaíonn sé leathnú agus luathú gan mhacasamhail maidir le hinfheistíocht san fhosturchtúr iompair, agus réimse an iompair phoiblí san áireamh. Faoi mar a cuireadh in iúl thuas, tá de chuspóir ag an gCoiste Comh-aireachta leasúchán institiúideach cuí a chur chun cinn, agus cúrsaí iompair phoiblí san áireamh; ní bheidh leisce ar bith ar an Rialtas, más gá, struchtúir a bhunú a riarfaidh ar riachtanais an phobail sa réimse seo.

Uisce agus Uisce Fuíll

Déanfar an infheistíocht faoin gceannteideal seo soláthar ar:

- thógáil na scéimeanna uile a éilítear faoi Threoir an AE um Chóiriú Uisce Fhuílll Uirbigh, agus atá gan críochnú fós; orthu siúd tá scéimeanna Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí, agus mórscéimeanna i Sord, i bPort Láirge, i Luimneach, i Sligeach, i gCathair na Mart agus i Leitir Ceanainn;

- infheistíocht i soláthar uisce a dhíríonn ar an gcumas cóirithe agus dáilithe a mhéadú sna mórcheantair uirbeacha, agus ar chaomhnú uisce trí chailliúintí uisce a aimsiú, agus ar phríomhphíopaí uisce a athshlánú nó a mhalartú;
- le linn tréimhse an Phlean, clár cosanta dobharcheantar loch agua abhann a leathnú tuilleadh; clúdóidh an infheistíocht maoiniú le haghaidh córais a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar na torthaí a eascraíonn as cur i bhfeidhm na mbeart a bhaineann le fostruchtúr um chóiriú uisce fhuílll, agus bearta eile chun truailliú a mhaolú;
- seirbhísí uisce agus séarachais le haghaidh talaimh thithíochta agus úsáide tráchtála, agus tacaíocht do cheantair thosaíochta turasóireachta;
- faoi dheireadh 2005, forálacha na Treorach um Uisce Fuílll Uirbeach a chomhlíonadh go hiomlán, chomh fada is a bhaineann le cóiriú tánaisteach i gceantair uirbeacha.

Cuirfear leis an infheistíocht seo le hinfheistiú de £420 milliún le haghaidh Seirbhísí Uisce Tuaithe faoi na Cláir Fheidhme Réigiúnacha.

Cosaint an Chósta

Creimeadh an chósta, is bagairt thromchúiseach é ar chuid den fhostruchtúr poiblí, ar áiseanna turasóireachta agus ar cheantair thábhachtacha éiceolaíochta. Tabharfaidh an soláthar sa Phlean aghaidh ar fhadhbanna práinneacha creimthe cósta ar bhonn tosaíochtaí.

Fuinneamh

Teip mhargaidh i measc mionúsáideoirí fuinnimh, éileoidh sé sin cláir chomhlánaithe agus bearta chun eifeachtacht fhuinnimh a spreagadh. Tá impleachtaí anseo don Fhorbairt Réigiúnach a rachaidh i gcion ar dháileadh infheistíochta faoin bPlean sa réimse seo. Déanfaidh an soláthar faoin bPFN:

- éifeachtacht fhuinnimh a chur chun cinn trí eolas agus trí chláir oideachais;
- taighde agus forbairt a chur chun cinn maidir le héifeachtacht fuinnimh agu laghdú CO_2;
- bealaí eile chun fuinneamh a sholáthar a chur chun cinn;
- feabhas a chur ar an éifeachtacht chun fuinneamh a chaomhnú sa líon tithíochta atá níos sine ná 1980, agus i bhFoirgnimh Rialtais agus na nÚdarás Áitiúil.

Tithíocht Shóisialta Inghustail (Incheannaithe) agus Caipiteal Sláinte

Murab ionann is an dá phlean a chuaigh roimhe, clúdaíonn an Plean seo Tithíocht Shóisialta agus Caipiteal Sláinte. Is iad na tosaíochtaí infheistíochta faoin bPlean sa tithíocht ná:

- a dhóthain infheistíochta fostruchtúraí a sholáthar i dtreo is go n-éascófar an táirgeacht iomlán tithíochta a theastaíonn chun an t-éileam reatha ar thithe a shásamh, agus an t-éileamh a mheastar a bheidh ann amach anso, agus an gnó seo a dhéanamh ar bhealach atá pleanáilte comheagartha;
- táirgeacht na tithíochta sóisialta a mhéadú chun freastal ar éileamh atá ag fás;
- leanúint leis an bhfeachtas chun staid fhisiciúil an mhéid tithíochta sóisialta atá ann a fheabhsú.

Beidh de thoradh go baileach ag an bPlean:

- go mbeidh 35,500 aonad tithíochta breise ann de chuid na nÚdarás Aitiúil;
- go méadóidh táirgeacht na hearnála deonaí tithochta óna leibhéal reatha de 500 aonad sa bhliain go dtí 4,000 aonad sa bhliain;
- go mbeidh méadú go dtí 2,000 aonad sa bhliain faoin scéim rialtais áitiúil chun tithíocht inghustail (incheannaithe) a chur ar fáil agus faoi scéimeanna comhúinéireachta.

Maidir le Caipiteal Sláinte is iad na tosaíochtaí:

- go gcuirfear áiseanna ar fáil le haghaidh daoine atá faoi éalang intinne;
- go bhforbrófar réimse áiseanna le haghaidh seandaoine;
- go dtabharfar aghaidh ar mhór-riachtanais nach bhfuil freastal orthu, maidir le hiostas nua-aimseartha a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil meabhairghalar orthu nó a bhfuil míchumas coirp orthu;
- go gcuirfear fostruchtúr cuimsitheach so-fhála den scoth ar fáil le haghaidh ospidéal géar-chúraim;
- go dtabharfar aghaidh ar riachtanais chúraim leanaí;
- go leigheasfar easnaimh i ngréasán na n-ionad sláinte;
- go gcumasófar oiread agus is féidir an teicneolaíocht eolais agus cumarsáide san earnáil um chúram sláinte.

Fostaíocht agus Acmhainní Daonna

Tá soláthar i gceist san iomlán de shuim atá díreach faoi £10 billiún mar infheistíocht sa Chlár Feidhme um Fhostaíocht agus Acmhainní Daonna. Miondealófar é idir an dá Réigiún mar a leanas:

	£ billiún	**Per Capita £**
Réigiún D&O	7.1	2,651
Réigiún TLT&I	2.8	2,936
Stát	9.9	2,729

Na tosaíochtaí a bhaineann leis an gClár Feidhme um Fhorbairt na Fostaíochta Agus Acmhainní Daonna, beidh siad i gcomhréir le tosaíochtaí an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhostaíocht; agus eagrófar iad faoi réir ceithre Fho-Chlár, ar ionann iad agus na ceithre chloch choirnéil atá i dtreoirlínte fostaíochta an AE: *Inniúlacht chun Fostaíochta, Fiontraíocht, Cumas Oiriúnaithe agus Comhionannas*. Is mar seo a leanas a dhéantar an chionroinnt a mhiondealú idir na ceithre chloch choirnéil:

Cloch choirnéil	Cionroinnt 2000-2006 (£ milliún)
Inniúlacht chun Fostaíochta	4,631
Fiontraíocht	413
Cumas Oiriúnaithe	4,647
Comhionannas	202
Iomlán	**9,893**

Inniúlacht chun Fostaíochta

San Fho-Chlár a bhaineann le hInniúlacht chun Fostaíochta beidh cumasc de bhearta Cuimsithe Shóisialta, bearta a bhaineann le hearnáil an oideachais agus comhtháthú margaí fostaíochta agus bealaí oiliúna. Áireoidh na bearta a bheidh dírithe ar dhaoine faoi mhíbhuntáiste na nithe seo:

- Luathoideachas;
- Críochnú scolaíochta;
- Luathlitearthacht;
- Clár Insroichte chun an Tríú Léibhéal;
- Oideachas an Lucht Taistil;
- Comhairleoireacht um Shlite Beatha.

Ar na bearta a bhainfidh le margaí fostaíochta beidh:

- Bearta Gníomhacha le haghaidh Daoine Dífhostaithe Fhadtréimhsigh agus Lucht Eisiatachta Sóisialta;
- Plean Gníomhaíochta le haghaidh Daoine Dífhostaithe;
- Dul ar Aghaidh chun Fostaíochta ag daoine a fhágann an scoil go luath;
- Oiliúint a bhainfidh le Scileanna agus le Sainearnálacha le haghaidh Daoine Dífhostaithe agus Oibrithe Iomarcacha.

Fiontraíocht

Cuimseoidh an Fo-Chlár Fiontraíochta na nithe seo:

- Oiliúint Bhainistíochta le haghaidh Comhlachtaí Beaga agus Meánacha, agus
- An Scéim um Eacnamaíocht Shóisialta.

Cumas Oiriúnaithe

Faoin gCeannteideal seo beidh bearta mar seo:

- Foghlaim Shaoil ina mbeidh Tionscnamh Ar-Ais-Chun-Oideachais, le comhlánú a dhéanamh ar na gníomhartha cuidithe a thógfar ar an mbunchloch thuas, Inniúlacht chun Fostaíochta;
- Forbairt Scileanna;
- Printíseacht/Oiliúntacht;
- Oiliúint Sainearnála;

- Caighdeán an tSoláthair Oideachais agus Oiliúna a fheabhsú;
- Scéimeanna Ar-Ais-Chun-Oibre, ar a mbeidh modh gníomhaíochta nua chun freastal a dhéanamh ar teaghlaigh faoi mhíbhuntáiste i dtreo is go gcumasófar iad chun a staid mhaireachtála a fheabhsú.

Comhionnnas

An soláthar de £250 milliún le haghaidh cúraim leanaí atá sna Cláir Fheidhme Réigiúnacha, clúdóidh sé an chuid is mó den chaiteachas ar chomhionannas. Lena chois, tá soláthar de £200 milliún á dhéanamh sa Chlár Feidhme um Fhostaíocht agus Acmhainní Daonna, le haghaidh bearta ar a mbeidh:

- Oiliúint le haghaidh Fostaíochta i gcomhair Daoine faoi Mhíchumas;
- Oiliúint Úsáide Teanga i gcomhair Dídeanaithe;
- Cur chun Cinn Deiseanna Comhionannacha agus Monatóireacht orthu.

Caipiteal le haghaidh Oideachais agus Oiliúna

Tá soláthar á dhéanamh de £1.62 billiún le haghaidh fostruchtúir oideachais agus oiliúna. Bainfidh sé seo le háiseanna, trealamh nua agus teicneolaíocht fhaisnéise. Go háirithe, an infheistíocht i dTaighde agus Forbairt ag an tríú leibheal agus san earnáil theicneolaíoch, cuirfidh sé ar fáil ardoideachas a bhainfidh le riachtanais gheilleagair an lae inniu. Beidh an méid seo ina ábhar tábhachtach cuidithe i dtaca leis an straitéis a bhaineann leis an bhForbairt Réigiúnach faoin bPlean.

An Earnáil Tháirgiúil

An tríú clár náisiúnta, nó an clár idir-réigiúnach, clúdóidh sé an Earnáil Táirgiúil. Beidh caiteachas de £4.5 billiún san iomlán i gceist faoin bPlean. Miondealáitear é mar seo a leanas:

	£ billiún	**Per Capita £**
Réigiún an D&O	2.8	1,073
Réigiún na TLT&I	1.7	1,713
An Stát	4.5	1,243

Má fhágtar as an áireamh na bearta tionlacain faoin gComhbheartas Talmhaíochta, a thagann faoi réir chláir ar leith eile, is mar seo a leanas a dháilfear infheistíocht Chlár na hEarnála Táirgiúla:

Catagóir	**Cionroinnt 2000-2006 (£ million)**
Taighde, Forbairt Theicneolaíoch agus Nuáil	1,946
Tionsclaíocht	1,903
Margaíocht	337
Forbairt na Talmhaíochta	278
Iascaigh	45
Iomlán	4,509

Is é a bheidh sa straitéis le haghaidh na hearnála táirgiúla:

- go gcuirfear cuidiú sainroghnaithe ar fáil le haghaidh FDI [?] i Réigiún na TLT&I; éascófar an straitéis seo leis an gcúnamh stáit réigiúnach ardléibhéil is incheadaithe i Réigiún na TLT&I. Tá gealltanas sa Phlean go bhféachfaidh an Áisíneacht Forbartha Tionscal (*IDA Ireland*) lena chinntiú i dtaobh na jabanna nua go léir a chruthófar ar láithreáin úrnua le linn thréimhse an Phlean, gur i Réigiún na TLT&I a bheidh 50% ar a laghad díobh;
- go bhfreastalófar ar bhonn comhtháite ar riachtanais na gcomhlachtaí dúchasacha uile, ar fud na n-éarnálacha uile, trí pleananna forbartha gnó a chur i gcrích, de réir mar is cuí, ag na háisíneachtaí forbartha;
- go dtabharfar aghaidh, ar bhonn a dhíreofar ar shainspriocanna, ar shainriachtanais thionscal an bhia;
- go neartófar cumas margaíochta gnólachtaí Éireannacha;
- go gcuirfear leis na hiarrachtaí chun oileán na hÉireann a chur ar an margadh mar sprioc turasóireachta;
- go gcuideofar le hinfheistíocht turasóireachta i gceantair atá ar gcúl maidir lena scair de mhargadh a bhaint amach;
- go bhfeabhsófar struchtúir thalmhaíochta ag leibhéal na feirme, trí mheán tacaí sainroghnaithe;
- go gcuideofar le nuachóiriú an loingis iascaireachta.

Beidh méadú mór mear san infheistíocht i dTaighde, Forbairt Theicneolaíoch agus Nuáil leis na spriocanna seo a leanas:

- go neartófar cumas institiúidí Éireannacha den tríú leibhéal, agus cumas foras eile taighde, chun taighde a dhéanamh ar nithe a bhaineann le riachtanais gheilleagar na hÉireann;
- go neartófar cumas gnólachtaí Éireannacha chun leas a bhaint as torthaí Thaighde & Forbairt chomh fada agus a bhaineann lena n-earraí agus lena bpróisis, agus
- go dtabharfar cuidiú le haghaidh taighde sainearnála i gcúrsaí talmhaíochta, bia, mara agus na timpeallachta.

Bearta Tionlacain an Chomhbheartais Thalmhaíochta (CAP)

Cuirfear clár ar leith i bhfeidhm le haghaidh bearta tionlacain forbartha tuaithe faoin gComhbheartas Talmhaíochta. Tá soláthar de £3.4 billiún ar fáil faoin teideal seo. Caithfear é ar:

- Scéim Cosanta Thimpeallacht na Tuaithe (REPS)
- Scéim Luathphinsin;
- Liúntais Chúitimh;
- Bearta Foraoiseachta.

Cláir Fheidhme Réigiúnacha (Caibidlí 7 agus 8)

Bainfidh Réigiún an D&O agus Réigiún na TLT&I araon tairbhe as an infheistíocht shubstaintiúil faoi na Cláir Fheidhme Idir-Réigiúnacha. Agus cuideoidh an infheistíocht san fhostruchtúr

eacnamaíoch le fás eacnamaíoch inchothaithe breise sa dá Réigiún. Lena chois sin, laghdóidh sé na bacainní fostruchtúracha atá ann faoi láthair, i Réigiún an D&O ach go háirithe. Maidir le Réigiún na TLT&I, cuideoidh na Cláir Idir-Réigiúnacha um Fhostruchtúr agus an Earnáil Táirgiúil leis an sprioc ghinearálta a bhaint amach, is é sin, gur mó a bheidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha an Réigiúin ag cur lena chéile.

Déanfaidh an infheistíocht faoin dá Chlár Fheidhme Réigiúnacha comhlánú ar na Cláir Idir-Réigiúnacha, mar chuid den straitéis chun forbairt chothrom réigiúnach a chur chun cinn. Beidh siad comhdhírithe go príomha ar fhorbairt an fhostruchtúir áitiúil, ar fhorbairt na fiontraíochta áitiúla, agus ar an Cuimsiú Sóisialta a chur chun cinn. Is é an soláthar san iomlán le haghaidh an dá Phlean Fheidhme Réigiúnacha ná mar a leanas:

	Réigiún an D&O £ milliún	**Réigiún na TLT&I £ milliún**
Fostruchtúr réigiúnach	1,812	1,525
Cuimsiú Sóisialta	837	221
Infheistíocht Tháirgiúil	336	338
Iomlán	**2,985**	**2,084**
Caiteachas san Iomlán Per Capita £	**1,122**	**2,159**

Cuimseoidh an infheistíocht struchtúrach réigiúnach:

- Bóithre neamh-Náisiúnta;
- Uisce Tuaithe;
- Ionramháil Dramhaíola;
- Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte
- Cumarsáid agus gnó leictreonach
- Calafoirt agus Aerfoirt Réigiúnacha
- Cultúr, Spórt agus Áineas.

San Earnáil tháirgiúil beidh infheistíocht ar:

- Micrifhiontair;
- Turasóireacht;
- Iascaigh;
- Foraoiseacht;
- Forbairt Tuaithe.

Cuimseoidh na bearta um Chuimsiú Sóisialta:

- Cúram Leanaí;
- Comhionannas;
- Forbairt Phobail/Tacaíocht Teaghlaigh;

- Seirbhísí don Aos Óg;
- Seirbhísí do Dhaoine Dífhostaithe.

Is ionann an soláthar le haghaidh cúraim leanaí agus mórfhiontar nua sa réimse seo. Caithfear an chionroinnt chun soláthar agus mianach na n-áiseanna cúraim i gcóir leanaí a mhéadú, agus go háirithe chun fostruchtúr i bpobail faoi mhíbhuntáiste a chur ar fáil, chun líon na n-áiteanna cúraim i gcóir leanaí a mhéadú, agus chun soláthraithe príobháideacha a spreagadh.

Clár Feidhme PEACE/Comhar Le Tuaisceart Éireann

Bunófar Clár Feidhme ar leith chun tarraingt thar na blianta 2000-2005 ar an £80 milliún sna Cistí Struchtúracha a bheidh ar fáil le haghaidh Clár PEACE sna contaetha ar an Teorainn.

Leagtar amach i gCaibidil 9 an fhrámaíocht le haghaidh comhair le Tuaisceart Éireann. Cés moite den Chlár PEACE agus den Tionscnamh Idir-Réigiúnach Éire/Tuaisceart Éireann le haghaidh tionscnamh pobail, leagann an Caibidil seo amach na bunréimsí eile comhoibrithe idir an dá chóras riaracháin. Leagtar béim faoi leith ar na réimsí comhoibrithe a luaitear i gComhaontú Bhéal Feirste (Comhaontú Aoine an Chéasta) 1998.

Tograí Le hAghaidh Cómhaoinithe leis an AE

Tuairim is £3 billiún an tsuim san iomlán a bheidh ar fáil ag Éirinn le linn tréimhse an PFN (2000-2006) ó na Cistí Struchtúracha agus Comhtháite. Is iad seo a leanas, go hachomair, na tograí le haghaidh cómhaoinithe ó na foinsí sin:

	Ranníocaíocht ó na Cistí Struchtúracha £ milliún	Ranníocaíocht ó na Cistí Comhtháite £ milliún
Fostruchtúr Eacnamaíoch agus Sóisialta	568	454
An Earnáil Tháirgiúil	335	–
Fostaíocht agus Acmhainní Daonna	661	–
Cláir Fheidhme Réigiúnacha	846	–
Clár Feidhme PEACE	83	–

Go ginearálta, an chaoi a bhfuil sé beartaithe cionroinnt na gCistí Struchtúrach a dháileadh, tá sé bunaithe ar na tosaíochtaí maidir le caiteachas faoin bPlean de réir earnála, agus ar an dúil go mbeidh suim shubstaintiúil ó na Cistí Struchtúracha á caitheamh faoi na Cláir Réigiúnacha. An dáileadh de réir Réigiúin a dhéanfar as cionroinnt na gCistí Struchtúracha, tá sé ag teacht go hiomlán le torthaí na caibidlíochta i dtaobh Chlár Oibre 2000. Ábhar caibidlíochta leis an gCoimisiún Eorpach a bheidh sa chionroinnt iarbhír a dhéanfar le haghaidh túsaíochtaí nuair a bheidh Frámaíocht Thacaíochta Chomhphobail á haontú i gcás na hÉireann.

Cuimsítear soláthar chomh maith le haghaidh caiteachais de thuairim is £47 milliún as maoiniú na nGréasán Tras-Eorpach (TENS) faoin gClár Fostruchtúrach Eacnamaíoch agus Sóisialta.

De bhreis ar an gcómhaoiniú as na Cistí Struchtúracha, cómhaoineoidh an tAE £1.7 billiún den £3.4 billiún i gClár Tionlacain an Chomhbheartais Thalmhaíochta le haghaidh Forbartha Tuaithe. Tá seo faoi ráthaíocht an Chiste Eorpaigh um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (FEOGA).

Tionscnaimh Chomhphobail

Is é an sciar a bheidh ag Éirinn sa chéad bhabhta eile de na Tioscnaimh Chomhphobail ná £131 milliún. Meastar go bhfeidhmeoidh Tionscnaimh in Éirinn sna réimsí seo a leanas:

- Idir-Réigiún na hÉireann agus Thuaisceart Éireann
- Idir-Réigiún na hÉireann agus na Breataine Bige
- Clár Trasnáisiúnta um Pleanáil Spásúil
- URBAN
- EQUAL
- LEADER

Comhpháirtíocht Phoiblí/Phríobháideach

Tá san áireamh £1.85 billiún as maoiniú na gComhpháirtíochtaí Poiblí/Príobháidí (CPP). Mar seo a leanas atá cionroinnt tháscach maoinithe na gCPP i leith na bpríomhearnálacha:

	Maoiniú CPP £ milliún
Bóithre	1,000
Iompar Poiblí	300
Ionramháil dramhaíola	450
Seirbhísí Uisce	100

Íos-sprioc is ea é seo le haghaidh na gComhpháirtíochtaí sa Phlean. Cinnteofar sainiú tionscadal nó codanna de thionscadail go cruinn chun críche na gComhpháirtíochtaí, de réir mar a fheidhmítear an Plean. Is é an cuspóir ná an úsáid is mó is féidir a bhaint as na Comhpháirtíochtaí fad agus a réitíonn siad le prionsabail na héifeachtachta agus go bhfaighfear an luach is fearr ar an airgead. An soláthar seo de £1.85 billiún le haghaidh Comhpháirtíochtaí PP, ní léiríonn sé an méid gníomhaíochta go léir a dhéanfaidh na Comhpháirtíochtaí faoin bPlean. Déanfar socruithe le húsáid a bhaint as comhpháirtíochtaí poiblí/príobháideacha i gcásanna áirithe faoin bPlean, gan infheistíocht caipitil phríobháidigh.

Nithe Ginearálta

Comhairliúchán

Chuathas i muinín dianchomhairliúcháin le linn an Plean a chur i dtoll a chéile. Cuireadh san áireamh aighneachtaí ó na Comhpháirtithe Sóisialta, agus bhí cruinnithe leo, agus mar an gcéanna leis na hÚdaráis Áitiúla, agus le Coimisiún Forbartha an Iarthair. Rinne Fitzpatrick Associates dhá stáidéar ar thosaíochtaí infheistíochta, ceann i Réigiún an D&O agus an ceann eile i Réigiún na TLT&I. Lena chois sin bhí cruinnithe ag an Aire Airgeadais le toscaireachtaí ó na Tionóil Réigiúnacha a bunaíodh le deireanas lena gcur ar an eolas i dtaobh an Phlean. Ghlac an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) mórstaidéar as láimh thar ceann an Rialtais, .i. ''National Investment Priorities for the Period 2000-2006''. Bhí comhairliúchán ann freisin leis an gCoimisiún Eorpach.

Tionchar ar an mBochtaineacht

Príomhchuspóir de chuid an PFN is ea an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn. Ar bhonn níos leithne, rachaidh an infheistíocht atá i gceist faoin PFN i gcion go dearfach ar na deiseanna chun fostaíocht a fháil. Sa chaoi seo beidh sé ina chabhair sa chath in éadan na bochtaineachta. Cuirfear leis seo sainbhearta ar mhaithe leis an gcuimsiú sóisialta; déanfar iad seo go sonrach i réimse míbhuntáiste oideachasúil, teacht ar thithíocht, forbairt áitiúil agus phobail, seirbhísí teaghlaigh agus cúraim leanaí, srl.

Tionchar ar an mBeartas Inscneach

Bainfidh daoine, idir fhir agus mhná, tairbhe as an infheistíocht sna Cláir Fheidhme go léir. Tá féidearthachtaí ann ach go háirithe sna bearta oideachais agus oiliúna atá sa Chlár Feidhme um Fhostaíocht agus Fhorbairt Acmhainní Daonna. Déanfaidh siad deiseanna comhionanna a lárnú chun cuidiú le fir agus le mná dul san iomaíocht ar an mbonn céanna le haghaidh na gcineálacha céanna fostaíochta. Lena chois sin, na soláthairtí substaintiúla le haghaidh cúraim leanaí atá sna Cláir Fheidhme Réigiúnacha, cuideoidh siad le daoine a bhfuil cúraimí clainne orthu i dtreo is go mbeidh ar a gcumas úsáid a bhaint as deiseanna fostaíochta agus oiliúna.

Tionchar ar an Timpeallacht

Cuireadh an Plean faoi iniúchóireacht éiceolaíoch ar bhonn píolótach agus tá an toradh air sin le fáil in Aguisín 4 a ghabhann leis an bPlean. Is fearr a bheifear in ann gníomhú de réir Treoraracha Timpeallachta agus Bheartas an AE, de thoradh na hinfheistíochta breise i gcúrsaí fostruchtúracha eacnamaíocha agus sóisialta, leithéidí ionramháil uisce agus dramhaíola. Maidir leis an infheistíocht san iompar poiblí, beidh tionchar dearfach aige leis ar an timpeallacht, faoi mar a bheidh ag infheistiochtaí sainearnálacha ar nós na foraoiseachta, Scéimeanna Chosanta Thimpeallacht na Tuaithe, agus eile.

Tionchar ar Cheantair Thuaithe

Cuireann an Plean sainghnéithe den fhrámaíocht beartas i gcrích, mar atá siad sa Pháipéar Bán ar Fhorbairt na Tuaithe. Faoi mar a thoiligh an Rialtas i dtaca leis an bPáipéar Bán ar Fhorbairt na Tuaithe, tionscnófar próisis riaracháin sna Ranna go léir chun a chinntiú go mbeidh lucht cumtha beartas ar an eolas maidir leis an gcaoi is dócha go rachaidh a gcuid tograí go léir i bhfeidhm ar phobail tuaithe. Cuideoidh na nósanna imeachta seo go mór le comhtháthú na straitéise le haghaidh fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta sna ceantair thuaithe, leis na cuspóirí agus leis na prionsabail a bhaineann le tionscnaimh faoi bheartais eile agus, go háirithe, leis an Straitéis Náisiúnta In Aghaidh na Bochtaineachta.

Monatóireacht agus Socruithe Riaracháin

Socrófar go mbeidh comhaltaí as measc na dTionól Réigiúnach ina mbaill de na Coistí Monatóireachta um na Cláir Fheidhme, agus na Cláir Fheidhme Réigiúnacha san áireamh. Beidh gach Tionól Réigiúnach ina údarás bainistíochta ar a Chláir Fheidhme féin. Rachaidh comhaltaí acu sa chathaoir ar Choistí Monatóireachta na gClár seo, agus cuirfidh na Tionóil na rúnaireachtaí ar fáil dóibh. Is céim mhór nua ar fad é seo chun údarás a thiomnú maidir le bainistíocht na gclár feidhme, ós rud é gur ón lár a bainistíodh na gclár feidhme go léir go nuige seo. Tá se de phrionsabal sa Phlean chomh maith go mbeidh ionadaithe réigiúnacha ar na boird roghnaithe tionscadal, de réir mar is cuí, maidir le bearta faoi na Cláir Fheidhme Réigiúnacha. An bhochtaineacht, cúrsaí inscne, daingniú timpeallachta agus tuaithe, cuirfear na nithe seo i lár baill sna socruithe le haghaidh feidhmithe agus monatóireachta.

Wt. P66272. 1,500. 12/00. Cahill. (M62782). G.Spl.